Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/0163(COD)

29.11.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002
(COM(2023)0269 – C9-0190/2023 – 2023/0163(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Clara Aguilera

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

In 2002, le Rialachán (CE) Uimh.1406/2002, bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun creat dlíthiúil AE a threisiú maidir le dhá phríomhchuspóir: ardleibhéal sábháilteachta muirí a bhunú ar fud an Aontais agus truailliú a chosc agus freagairt dó. Ó glacadh é, rinneadh an Rialachán seo a mhodhnú ina dhiaidh sin, ach tar éis na meastóireachta seachtraí a rinneadh ar EMSA in 2017, thángthas ar an gconclúid gur ghá Rialachán nua a ghlacadh.

Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2023) 269final) sainordú EMSA a oiriúnú d'fhorbairtí nua ar reachtaíocht AE, ar an bpobal eolaíochta, ar an earnáil mhuirí agus ar na tosaíochtaí sóisialta agus comhshaoil. Go háirithe, tá an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh cúraimí nach raibh sa Rialachán roimhe seo, dá bhrí sin tá sé tábhachtach iad a thabhairt cothrom le dáta chomh maith le solúbthacht áirithe a sholáthar chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hearnála muirí amach anseo.

Is chuige sin a thacaíonn an Rapóirtéir leis an Rialachán agus is mian léi aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas.

- Measann an Rapóirtéir gur cheart tagairt a dhéanamh sa togra le haghaidh Rialacháin do 'ghníomhaíochtaí muirí' agus aghaidh á tabhairt ar na cúraimí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí seachas 'iompar muirí'. Tá tionchar tábhachtach eacnamaíoch agus sóisialta ag earnáil an iascaigh san Aontas Eorpach, ní hamháin go gcruthaíonn sí saibhreas agus poist ach tá ról lárnach aici sa soláthar bia. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt air, go háirithe nuair a mheastar gur gníomhaíocht mhuirí an-chontúirteach í an iascaireacht agus go mbaineann soithí iascaireachta le go leor de na tionóiscí a thaifead EMSA.

  Ina theannta sin, measann an Rapóirtéir gur cheart do EMSA idirghabháil, tuairisciú agus taifead a dhéanamh ar shonraí i ndáil le taismí agus teagmhais mhuirí a bhaineann le haon chineál soithigh nó le haon mhéid soithigh. Go dtí seo, ní dhéanann sé amhlaidh ach amháin nuair atá an soitheach atá i gceist níos mó ná 15 mhéadar ar fhad nó má bhaineann timpiste do shoitheach níos lú le soitheach 15 mhéadar nó níos mó. Tá 85 % de na soithí iascaireachta san Aontas níos lú ná 12 mhéadar ar fhad agus is iad na soithí sin a bhfuil níos mó rioscaí sábháilteachta ag baint leo ós rud é nach bhfuil spásanna cosanta acu agus go bhfuil siad an-leochaileach ó thaobh drochaimsire agus trealamh trom iascaireachta.

- Measann an Rapóirtéir, chun leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí a bhaint amach, go bhfuil sé ríthábhachtach sábháilteacht agus dálaí saothair níos fearr a áirithiú d'oibrithe. Bíonn rioscaí tromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta ag iascairí go sonrach mar gheall ar easpa feasachta sábháilteachta agus easpa oiliúna i measc an phearsanra. Dá bhrí sin, ba cheart do EMSA obair a dhéanamh chun dálaí oibre agus maireachtála leordhóthanacha d'iascairí a chomhchuibhiú, chomh maith le bearta sábháilteachta ar bord in aon chineál soithigh. Ba cheart go gcuirfeadh sé oiliúint éifeachtach ar fáil freisin i réimse na sábháilteachta, an digitithe agus gníomhaíochtaí muirí agus iascaigh. Ina theannta sin,

tá sé ríthábhachtach aitheantas frithpháirteach do theastais a áirithiú agus an comhar idir córais oideachais na mBallstát a mhéadú.

- Measann an Rapóirtéir gur cheart go n-áireofaí ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta ionadaí amháin ó Pharlaimint na hEorpa nach mbeidh cearta vótála aige nó aici. Sa Rialachán um Rialú ar Iascach (COM(2018)0368 — C8-0238/2018-2018/0193(COD)), cuireadh an fhéidearthacht sin san áireamh cheana féin, dá bhrí sin, chun comhleanúnachas a choinneáil laistigh de na Gníomhaireachtaí Eorpacha, ba cheart an cur chuige céanna a ghlacadh anseo.

- Measann an Rapóirtéir gur cheart go mbunófaí leis an togra riachtanas na Gníomhaireachta gné shóisialta earnáil an iascaigh a threisiú agus táscairí sóisialta a bheith ann chun a mheas an bhfuil gnéithe sóisialta á gcur san áireamh agus cúnamh á thabhairt don Choimisiún Eorpach a reachtaíocht a chur chun feidhme.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ***De bharr an mhéid seo a leanas:*** Glacadh roinnt ***beart reachtach*** san Aontas chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí a fheabhsú, chun inbhuanaitheacht ***agus dícharbónú na loingseoireachta a chur chun cinn***, trí thruailliú a chosc freisin, agus chun malartú faisnéise agus digitiú na hearnála muirí a éascú. Ba cheart an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm ar bhealach cuí agus aonfhoirmeach ar fud an Aontais chun go mbeidh sí éifeachtach. D'áiritheofaí leis sin cothroime iomaíochta, laghdófaí saobhadh na hiomaíochta de bharr na mbuntáistí eacnamaíocha a bhíonn ag longa neamh-chomhlíontacha agus thabharfadh sé luach saothair dóibh siúd a oibríonn go díograiseach san earnáil muirí.	(1) Glacadh roinnt ***bearta reachtacha*** san Aontas chun sábháilteacht agus slándáil mhuirí a fheabhsú, chun inbhuanaitheacht, trí thruailliú a chosc freisin, agus ***dícharbónú na loingseoireachta, agus inbhuanaitheacht agus dícharbónú gníomhaíochtaí muirí eile amhail iascaigh, a chur*** chun ***cinn, agus chun*** malartú faisnéise agus digitiú na hearnála muirí a éascú. Ba cheart an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm ar bhealach cuí agus aonfhoirmeach ar fud an Aontais chun go mbeidh sí éifeachtach. D'áiritheofaí leis sin cothroime iomaíochta, laghdófaí saobhadh na hiomaíochta de bharr na mbuntáistí eacnamaíocha a bhíonn ag longa neamh-chomhlíontacha agus thabharfadh sé luach saothair dóibh siúd a oibríonn go díograiseach san earnáil muirí.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) Tarlaíonn a lán tionóiscí in earnáil na hiascaireachta, ar trúig bháis iad i mórán cásanna, agus is den tábhacht oiliúint a chur ar iascairí chun sábháilteacht ag an obair a áirithiú.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5 a) Mar a luaitear sa rún a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le glúin oibrithe nua a mhealladh chuig tionscal na hiascaireachta agus maidir le poist a chruthú i bpobail chósta, is den riachtanas é feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála ar bord, agus ar an tsábháilteacht ar bord freisin, agus is gá faireachán a dhéanamh ar theagmhais agus tionóiscí ar muir agus iad a chosc. Ba cheart sainordú EMSA a leathnú chun na soithí iascaireachta sin ar ina leith atá ábhair imní shuntasacha fós ann maidir le sábháilteacht a chuimsiú, trí fhaireachán agus tuairisciú ar theagmhais agus ar thionóiscí ar muir a áireamh, nach gcumhdaítear faoi láthair le Rialachán EMSA, eadhon tionóiscí tromchúiseacha agus marfacha ina bhfuil soithí iascaireachta beaga.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Leis na cuspóirí sin ba cheart réimsí rannpháirtíochta na Gníomhaireachta a shainiú agus í ag tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit ***maidir le*** cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun beartais an Aontais a chur chun feidhme sa réimse muirí.	(9) Leis na cuspóirí sin ba cheart réimsí rannpháirtíochta na Gníomhaireachta a shainiú agus í ag tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit ***trí bhíthin*** cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun beartais an Aontais a chur chun feidhme sa réimse muirí ***mar aon lena comhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais amhail EFCA***.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach i gceart, is iomchuí go ***ndéanfaidh*** an Ghníomhaireacht cúraimí sonracha ***sa réimse a bhaineann leis*** an tsábháilteacht mhuirí, an inbhuanaitheacht, dícharbónú na hearnála muirí, slándáil agus cibearshlándáil mhuirí, faireachas muirí agus géarchéimeanna muirí agus digitiú agus éascú malartuithe sonraí sa réimse muirí a chur chun cinn.	(10) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach i gceart, is iomchuí go ***ndéanfadh*** an Ghníomhaireacht cúraimí sonracha ***sna réimsí seo a leanas:*** an tsábháilteacht mhuirí, ***cosc ar thruailliú ó longa,*** an inbhuanaitheacht, dícharbónú na hearnála muirí, slándáil agus cibearshlándáil mhuirí, faireachas muirí agus géarchéimeanna muirí agus digitiú agus éascú malartuithe sonraí sa réimse muirí a chur chun cinn. ***Agus na cúraimí sin á ndéanamh aici, ba cheart don Ghníomhaireacht aird a thabhairt ar shainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla gníomhaíochtaí muirí agus aird ar leith a thabhairt ar na coinníollacha is infheidhme maidir le hearnáil na hiascaireachta.***

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11 a) Ba cheart don Ghníomhaireacht aird ar leith a thabhairt ar earnáil an iascaigh agus a cúraimí á ndéanamh aici, ós rud é go bhfuil tionchar eacnamaíoch agus sóisialta tábhachtach aici in AE. Go háirithe, tá soithí iascaireachta agus oibrithe thar a bheith leochaileach i leith rioscaí sábháilteachta muirí agus tá ról ábhartha acu san aistriú glas.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) A mhéid a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, ba cheart don Ghníomhaireacht cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt ***maidir le*** rioscaí agus dúshláin sábháilteachta a ***chinneadh*** agus ar a mbonn sin ba cheart di tuarascáil ar an dul chun cinn ar shábháilteacht mhuirí a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana. Thairis sin, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais, go háirithe sna réimsí a bhaineann leis na hoibleagáidí ar Stáit bhrataí agus ar Stáit chalafoirt, imscrúduithe ar thimpistí muirí, an reachtaíocht sábháilteachta le haghaidh longa d'iompar paisinéirí, Eagraíochtaí Aitheanta agus trealamh muirí. Ar deireadh, ba cheart ról réamhghníomhach a bheith ag an nGníomhaireacht maidir le cúnamh a thabhairt le linn longa dromchla muirí atá uathrialaitheach agus uathoibrithe a chur in úsáid, agus tá sé tábhachtach freisin sonraí breise a bhailiú i réimse na hoiliúna agus an deimhniúcháin do mharaithe agus don Choinbhinsiún	(14) A mhéid a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, ba cheart don Ghníomhaireacht cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt ***i leith*** rioscaí agus dúshláin sábháilteachta a ***shainaithint i gcás soithí d'aon chineál*** agus ***d'aon mhéid agus*** ar a mbonn sin ba cheart di tuarascáil ar an dul chun cinn ***arna dhéanamh*** ar shábháilteacht mhuirí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ***agus Pharlaimint na hEorpa*** gach 3 bliana. ***Nuair a luann an Ghníomhaireacht i dtuarascáil go bhfuil gá le caighdeáin sábháilteachta nua, ba cheart dlús a chur le cur chun feidhme na gceanglas nua sin chun moilleanna fada a sheachaint idir aitheantas oifigiúil na saincheiste agus an tionchar ar na soithí agus, más gá, beidh togra reachtacha ann ina dhiaidh sin.*** Thairis sin, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais, go háirithe sna réimsí a bhaineann leis na hoibleagáidí ar Stáit bhrataí agus ar Stáit chalafoirt, imscrúduithe ar thimpistí muirí, an reachtaíocht sábháilteachta le haghaidh longa d'iompar paisinéirí,

Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006).	Eagraíochtaí Aitheanta agus trealamh muirí. Ar deireadh, ba cheart ról réamhghníomhach a bheith ag an nGníomhaireacht maidir le cúnamh a thabhairt le linn longa dromchla muirí atá uathrialaitheach agus uathoibrithe a chur in úsáid, agus tá sé tábhachtach freisin sonraí breise a bhailiú i réimse na hoiliúna agus an deimhniúcháin do mharaithe agus don Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006). ***Ar deireadh, ba cheart don Ghníomhaireacht oibriú i dtreo aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'oiliúint agus deimhnithe sábháilteachta iascairí agus maraithe chun feabhas a chur ar dheiseanna gnó, agus freisin treisiú leis an gcomhar idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile, agus saorghluaiseacht an luchta saothair a mhéadú.***

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14 a) Á iarraidh ar an gCoimisiún Coinbhinsiún Idirnáisiúnta IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F 1995) a thrasuí i ndlí an Aontais chun creat comhchuibhithe a bhaint amach le haghaidh íosleibhéal oiliúna iascairí san Eoraip.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14 b) Maidir le soithí iascaireachta, ba

	cheart sainordú EMSA a leathnú chun faireachán rialta agus faisnéis chórasach staidrimh a chuimsiú, arna comhchuibhiú ar leibhéal an AE, maidir le teagmhais agus tionóiscí ina bhfuil soithí nach gcumhdaítear le Treoir 2009/18/CE. Trí fhaireachán agus measúnú a dhéanamh ar na hathruithe ar na figiúirí sin, go háirithe maidir le limistéir gheografacha, cabhlaigh agus trealamh iascaireachta a úsáidtear, beifear in ann teacht ar réitigh ar thionóiscí, agus iad a laghdú agus a chosc, go háirithe i soithí iascaireachta áitiúla agus cósta.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ina leith sin, cé gur cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[25] ba cheart di tuilleadh cúnaimh a thabhairt maidir le cur chun feidhme na mbeart rialála nua chun an earnáil loingseoireachta a dhícharbónú, rud a eascraíonn as an bpacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', amhail an Rialachán [..] maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san iompar muirí agus na heilimintí a bhaineann le loingseoireacht de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal. Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa saineolas ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt maidir leis an earnáil a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, trí thaighde a dhéanamh agus treoraíocht a sholáthar maidir le glacadh agus cur in úsáid foinsí	(17) Ina leith sin, cé gur cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** ba cheart di tuilleadh cúnaimh a thabhairt maidir le cur chun feidhme na mbeart rialála nua chun an earnáil loingseoireachta ***agus gníomhaíochtaí muirí eile amhail iascaigh*** a dhícharbónú, rud a eascraíonn as an bpacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', amhail an Rialachán [..] maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san iompar muirí agus na heilimintí a bhaineann le loingseoireacht de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal. Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa saineolas ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt maidir leis an earnáil a aistriú chuig breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, trí thaighde a

inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh long, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír mór do longa agus i ndáil le réitigh um éifeachtúlacht fuinnimh agus cúnamh tiomána gaoithe a chur in úsáid. Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sa réimse a bhaineann le dícharbónú na hearnála ***loingseoireachta***, ba cheart don Ghníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don Choimisiún gach 3 bliana ar na hiarrachtaí chun gáis cheaptha teasa a laghdú agus ar aon mholadh a d'fhéadfadh a bheith aici.

dhéanamh agus treoraíocht a sholáthar maidir le glacadh agus cur in úsáid foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh long, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír mór do longa agus i ndáil le réitigh um éifeachtúlacht fuinnimh agus cúnamh tiomána gaoithe a chur in úsáid. ***Maidir le soithí iascaireachta, ba cheart na trealaimh agus na limistéir iascaigh éagsúla a chur san áireamh agus taighde á dhéanamh ar fhoinsí malartacha cumhachta.*** Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sa réimse a bhaineann le dícharbónú na hearnála ***muirí***, ba cheart don Ghníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don Choimisiún gach 3 bliana ar na hiarrachtaí chun gáis cheaptha teasa a laghdú agus ar aon mholadh a d'fhéadfadh a bheith aici.

---

[25] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (***IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).***

[26] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[25] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (***IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).***

[26] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17 a) A mhéid a bhaineann le hearnáil an iascaigh, cé go bhfuil gach aon

	cheann de na bearta sin bunriachtanach chun a áirithiú go mbeidh farraigí glana againn, rud atá bunriachtanach dóibh siúd ar mian leo iascaireacht a dhéanamh, feirmeoireacht a dhéanamh agus táirgí ardcháilíochta ón bhfarraige a dhíol, ní mór an leithdháileadh cistí agus dreasachtaí is gá a bheith ag gabháil leis na bearta sin chun oibríochtaí iascaireachta a chothabháil, go háirithe oibríochtaí sa chuid ar bheagscála agus ar mhionscála.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Na húdaráis náisiúnta sin a chuireann feidhmeanna garda cósta i gcrích, tá freagracht orthu ***i leith*** raon leathan cúraimí, a bhféadfadh an tsábháilteacht mhuirí, an tslándáil ***mhuirí***, oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ***muirí***, rialú ag teorainneacha ***muirí***, rialú ar ***iascach muirí***, rialú custaim ***mhuirí***, forfheidhmiú ginearálta dlí ***muirí*** agus cosaint an chomhshaoil ***mhuirí*** a bheith ar áireamh leo. Ba cheart don Ghníomhaireacht, don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, dá bhrí sin, a gcomhar a neartú, laistigh dá sainordú, le chéile agus leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann feidhmeanna garda cósta, chun feasacht ar réimsí muirí a mhéadú agus chun tacú le gníomhaíocht chomhleanúnach chost-éifeachtúil.	(23) Na húdaráis náisiúnta sin a chuireann feidhmeanna garda cósta i gcrích, tá freagracht orthu ***as*** raon leathan cúraimí, a bhféadfadh an tsábháilteacht mhuirí, an tslándáil, oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, rialú ag teorainneacha, rialú ar ***iascaigh***, rialú custaim, forfheidhmiú ginearálta dlí agus cosaint an chomhshaoil a bheith ar áireamh leo. Ba cheart don Ghníomhaireacht, don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[29], agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[30] , dá bhrí sin, a gcomhar a neartú, laistigh dá sainordú, le chéile agus leis na húdaráis náisiúnta a dhéanann feidhmeanna garda cósta, chun feasacht ar réimsí muirí a mhéadú agus chun tacú le gníomhaíocht chomhleanúnach ***agus*** chost-éifeachtúil***, trí sheirbhísí, faisnéis, teicneolaíocht, trealamh agus oiliúint a sholáthar, agus freisin trí oibríochtaí ilchuspóireacha a chomhordú, trí shonraí***

a bhailiú chun críocha taighde eolaíoch, trí fhaireachán a dhéanamh ar uiscí na hEorpa agus trí chláir comhair le tríú tíortha a chur chun feidhme.

---

[29] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

[30] Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36 a) Ba cheart don Ghníomhaireacht treisiú lena comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) maidir le teagmhais ar muir ina bhfuil soithí iascaireachta a chosc agus a láimhseáil.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún chun dlí an Aontais maidir le ***hiompar muirí*** a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach ar fud	2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún chun dlí an Aontais maidir le ***muirthrácht*** a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach ar fud an

an Aontais. Chuige sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí cúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch dóibh ***faoi*** raon feidhme chuspóirí agus chúraimí na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 2 agus i gCaibidlí II agus III.

Aontais. Chuige sin, rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí cúnamh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch dóibh ***laistigh de*** raon feidhme chuspóirí agus chúraimí na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 2 agus i gCaibidlí II agus III.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tríd an gcúnamh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, soláthróidh an Ghníomhaireacht tacaíocht do na Ballstáit agus don Choimisiún go háirithe chun na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart agus an tráth céanna rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán an tráchta mhuirí agus an iompair mhuirí mar a leagtar amach sa Rialachán seo, chun a éascú go mbainfear amach cuspóirí an Aontais ***i*** réimse ***an iompair mhuirí***.	3. Tríd an gcúnamh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, soláthróidh an Ghníomhaireacht tacaíocht do na Ballstáit agus don Choimisiún go háirithe chun na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart agus an tráth céanna rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán an tráchta mhuirí agus an iompair mhuirí mar a leagtar amach sa Rialachán seo, chun a éascú go mbainfear amach cuspóirí an Aontais ***sa*** réimse ***muirí***.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is iad na cuspóirí a bheidh ag an nGníomhaireacht leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a chur chun cinn agus a bhunú lena ndíreofar ar thimpistí nialasacha, slándáil mhuirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú agus inbhuanaitheacht na hearnála muirí, chomh maith le truailliú ó longa a chosc agus	1. Is iad na cuspóirí a bheidh ag an nGníomhaireacht leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a chur chun cinn agus a bhunú lena ndíreofar ar thimpistí nialasacha, ***- na soithí iascaireachta uile sna áireamh -,*** slándáil mhuirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú agus inbhuanaitheacht na hearnála muirí, chomh

freagairt dó, agus an fhreagairt do thruailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis.	maith le truailliú ó longa ***de gach cineál agus de gach méid*** a chosc agus freagairt dó, agus an fhreagairt do thruailliú muirí ó shuiteálacha ola agus gáis.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuspóirí breise de chuid na Gníomhaireachta is ea digitiú na hearnála muirí a chur chun cinn trí tharchur leictreonach sonraí a éascú, ar sonraí iad a thacaíonn le simpliú agus córais agus seirbhísí comhtháite um fhaireachas agus feasacht mhuirí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit.	2. Cuspóirí breise de chuid na Gníomhaireachta is ea digitiú na hearnála muirí a chur chun cinn ***ar bhealach comhchuibhithe*** trí tharchur leictreonach sonraí a éascú, ar sonraí iad a thacaíonn le simpliú agus córais agus seirbhísí comhtháite um fhaireachas agus feasacht mhuirí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina bhfuil gá lena leithéid chun a cuid cúraimí a chur chun feidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht staidéir, agus ***rannpháirt á tabhairt*** aici don Choimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, ***do na Ballstáit,*** trí ghrúpaí stiúrtha comhairliúcháin, agus i gcás inarb iomchuí, do na comhpháirtithe sóisialta agus na hionadaithe tionscail a bhfuil saineolas acu ar na hábhair ábhartha.	5. I gcás ina bhfuil gá lena leithéid chun a cuid cúraimí a chur chun feidhme, déanfaidh an Ghníomhaireacht staidéir, agus ***ról á thabhairt*** aici don Choimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, trí ghrúpaí stiúrtha comhairliúcháin, ***do na Ballstáit,*** agus i gcás inarb iomchuí, do na comhpháirtithe sóisialta agus na hionadaithe tionscail a bhfuil saineolas acu ar na hábhair ábhartha ***agus freisin trí dhul i gcomhairle le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais amhail EFCA***.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ar bhonn an taighde agus na staidéar a rinne an Ghníomhaireacht, ach chomh maith leis sin ar bhonn na taithí a fuarthas trína cuid gníomhaíochtaí féin, go háirithe na cuairteanna agus na cigireachtaí, agus an malartú faisnéise agus dea-chleachtas leis na Ballstáit ***agus*** leis an gCoimisiún, féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún roimh ré, moltaí, treoirlínte nó lámhleabhair neamhcheangailteacha ábhartha a eisiúint chun tacú leis na Ballstáit agus ***éascaíocht a dhéanamh orthu***, agus i gcás inarb iomchuí ***don*** tionscal freisin, ***agus*** reachtaíocht an Aontais ***á cur*** chun feidhme.	6. Ar bhonn an taighde agus na staidéar a rinne an Ghníomhaireacht, ach***,*** chomh maith leis sin***,*** ar bhonn na taithí a fuarthas trína cuid gníomhaíochtaí féin, go háirithe na cuairteanna agus na cigireachtaí, agus an malartú faisnéise agus dea-chleachtas leis na Ballstáit***,*** leis an gCoimisiún ***agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais***, féadfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún roimh ré, moltaí, treoirlínte nó lámhleabhair neamhcheangailteacha ábhartha a eisiúint chun tacú leis na Ballstáit agus ***a chur ar a chumas***, agus i gcás inarb iomchuí ***an*** tionscal freisin, reachtaíocht an Aontais ***a chur*** chun feidhme.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an dul chun cinn ar shábháilteacht ***an iompair mhuirí*** san Aontas, déanfaidh sí anailís riosca ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus forbróidh sí samhlacha de mheasúnú riosca um shábháilteacht chun dúshláin agus rioscaí sábháilteachta a shainaithint. Cuirfidh sí tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana maidir le dul chun cinn ar shábháilteacht mhuirí agus d'fhéadfadh sé go mbeidh moltaí sa tuarascáil sin a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ina leith sin, anailíseoidh agus molfaidh an Ghníomhaireacht go háirithe treoraíocht nó moltaí ábhartha i ndáil le rioscaí sábháilteachta ionchasacha	1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar an dul chun cinn ar shábháilteacht ***gníomhaíochtaí muirí*** san Aontas, déanfaidh sí anailís riosca ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus forbróidh sí samhlacha de mheasúnú riosca um shábháilteacht chun dúshláin agus rioscaí sábháilteachta a shainaithint ***maidir le soithí d'aon chineál agus d'aon mhéid***. Cuirfidh sí tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana maidir le dul chun cinn ar shábháilteacht mhuirí agus d'fhéadfadh sé go mbeidh moltaí sa tuarascáil sin a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ina leith sin, anailíseoidh agus molfaidh an Ghníomhaireacht go háirithe treoraíocht nó

a eascraíonn as glacadh agus cur in úsáid foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh ***long***, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír do longa atá i mbeart.	moltaí ábhartha i ndáil le rioscaí sábháilteachta ionchasacha a eascraíonn as glacadh agus cur in úsáid foinsí inbhuanaithe malartacha cumhachta le haghaidh ***longa d'aon chineál agus d'aon mhéid***, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír do longa atá i mbeart.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an mbunachar sonraí dá ndéantar foráil in Airteagal 17 de Threoir 2009/18/CE a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Ar bhonn na sonraí a bhaileofar, tiomsóidh an Ghníomhaireacht forbhreathnú bliantúil ar thaismigh agus teagmhais mhuirí. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, má iarrann na Ballstáit lena mbaineann amhlaidh agus i gcás nach n-eascróidh aon choinbhleacht leasa as, tacaíocht oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit sin maidir le himscrúduithe sábháilteachta. Déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís freisin ar thuarascálacha um imscrúduithe sábháilteachta d'fhonn breisluach a shainaithint ar leibhéal an Aontais i dtéarmaí aon cheacht ábhartha a bheidh le baint.	Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir leis an mbunachar sonraí dá ndéantar foráil in Airteagal 17 de Threoir 2009/18/CE a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Ar bhonn na sonraí a bhaileofar, tiomsóidh an Ghníomhaireacht forbhreathnú bliantúil ar thaismigh agus teagmhais mhuirí***, a bheidh le léiriú trí ghníomhaíochta éagsúla de chuid na mBallstát agus trí ghníomhaíochtaí muirí éagsúla***. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, má iarrann na Ballstáit lena mbaineann amhlaidh agus i gcás nach n-eascróidh aon choinbhleacht leasa as, tacaíocht oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit sin maidir le himscrúduithe sábháilteachta. Déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís freisin ar thuarascálacha um imscrúduithe sábháilteachta d'fhonn breisluach a shainaithint ar leibhéal an Aontais i dtéarmaí aon cheacht ábhartha a bheidh le baint.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh an Ghníomhaireacht clár	Soláthróidh an Ghníomhaireacht clár

forbartha gairmiúla agus oiliúna do na hÚdaráis inniúla um imscrúdú ar thimpistí sábháilteachta muirí.	forbartha gairmiúla agus oiliúna do na hÚdaráis inniúla um imscrúdú ar thimpistí sábháilteachta muirí. ***Soláthróidh sí oiliúint éifeachtach i ngníomhaíochtaí sábháilteachta, digitithe, muirí agus iascaigh d'oibrithe earnáil an iascaigh ós rud é go n-oibríonn formhór na n-oibrithe sin i soithí beaga atá an-leochaileach i leith tionóiscí.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Baileoidh an Ghníomhaireacht sonraí maidir le maraithe agus déanfaidh sí anailís orthu, ar sonraí iad a sholáthrófar agus a úsáidfear i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . ***Féadfaidh*** sí sonraí ***a bhailiú freisin agus anailís a dhéanamh orthu*** maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC, 2006) d'fhonn cúnamh a thabhairt maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála maraithe ar bord.	9. Baileoidh an Ghníomhaireacht sonraí maidir le maraithe agus déanfaidh sí anailís orthu, ar sonraí iad a sholáthrófar agus a úsáidfear i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . ***Déanfaidh*** sí ***amhlaidh go háirithe maidir le hiascairí i gcomhréir le ceanglais an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F). Déanfaidh sí*** sonraí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC, 2006) ***agus an Choinbhinsiúin maidir le hObair san Iascaireacht, 2007 (C188) a bhailiú agus a anailísiú*** d'fhonn cúnamh a thabhairt maidir le feabhas a chur ar dhálaí ***sábháilteachta,*** oibre agus maireachtála maraithe ***agus iascairí*** ar bord***, agus maidir lena gcomhchuibhiú***. ***Déanfaidh sí táscairí sóisialta a chruinniú agus a anailísiú freisin, táscairí a chuirfear san áireamh agus tacaíocht theicniúil chothrománach á soláthar don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit.***
[40] Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an	[40] Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an

íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 169, 27.6.2022, lch. 45).	íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 169, 27.6.2022, lch. 45).

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9 a. Oibreoidh an Ghníomhaireacht i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún chun Coinbhinsiún STCW-F IMO a thrasuí i ndlí an Aontais d'fhonn creat comhchuibhithe a leagan síos le haghaidh íosleibhéal oiliúna iascairí san Eoraip, lena n-áirítear oiliúint sábháilteachta agus digitiú.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) faisnéis ábhartha ó Ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, amhail EFCA, a chomhroinnt agus a fháil, go háirithe i ndáil le trealamh iascaireachta caillte

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar dhul chun cinn maidir leis na bearta oibríochtúla agus teicniúla a dhéantar chun éifeachtúlacht fuinnimh long a mhéadú agus breoslaí agus córais fuinnimh agus chumhachta inbhuanaithe	1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar dhul chun cinn maidir leis na bearta oibríochtúla agus teicniúla a dhéantar chun éifeachtúlacht fuinnimh long a mhéadú agus breoslaí agus córais fuinnimh agus chumhachta inbhuanaithe

mhalartacha do longa a chur in úsáid, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú.	mhalartacha do longa ***de gach cineál agus de gach méid*** a chur in úsáid, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, i ndáil le hiarrachtaí rialála chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú. Ina leith sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht aon uirlis nó seirbhís oibríochtúil a úsáid atá ábhartha don chúram. Ina leith sin, molfaidh an Ghníomhaireacht treoraíocht nó moltaí ábhartha go háirithe agus déanfaidh sí taighde agus anailís orthu i ndáil le glacadh agus cur in úsáid breoslaí, fuinnimh agus córais chumhachta inbhuanaithe mhalartacha do longa, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, agus i ndáil le bearta um éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith.	2. Soláthróidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil don Choimisiún agus do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, i ndáil le hiarrachtaí rialála chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú. Ina leith sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht aon uirlis nó seirbhís oibríochtúil a úsáid atá ábhartha don chúram. Ina leith sin, molfaidh an Ghníomhaireacht treoraíocht nó moltaí ábhartha go háirithe agus déanfaidh sí taighde agus anailís orthu i ndáil le glacadh agus cur in úsáid breoslaí, fuinnimh agus córais chumhachta inbhuanaithe mhalartacha do longa ***de gach cineál agus de gach méid***, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír agus cúnamh tiomána gaoithe, agus i ndáil le bearta um éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana ***maidir leis*** an dul chun cinn ***a dhéantar chun*** dícharbónú ***an iompair mhuirí*** a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. I gcás inar féidir, áireofar sa tuarascáil anailís theicniúil ar	6. Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach 3 bliana ***ar*** an dul chun cinn ***arna dhéanamh i leith*** dícharbónú ***gníomhaíochtaí muirí*** a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. I gcás inar féidir, áireofar sa tuarascáil anailís theicniúil ar

shaincheisteanna arna sainaithint a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais.	shaincheisteanna arna sainaithint a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais ***agus sainiúlachtaí codanna agus cineálacha éagsúla cabhlaigh do longa á gcur san áireamh***. ***Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit, ***mar aon*** le haon chomhlacht ábhartha eile de chuid an Aontais, chun athléimneacht a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála san earnáil muirí, go háirithe trí mhalartú dea-chleachtas agus faisnéise maidir le teagmhais chibearshlándála idir na Ballstáit a éascú.	2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit, ***in éineacht*** le haon chomhlacht ábhartha eile de chuid an Aontais, ***go háirithe EFCA,*** chun athléimneacht a fhorbairt in aghaidh teagmhais chibearshlándála san earnáil muirí, go háirithe trí mhalartú dea-chleachtas agus faisnéise maidir le teagmhais chibearshlándála idir na Ballstáit a éascú.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) athúsáid agus comhroinnt sonraí a mhalartaítear in EMSWe a éascú agus ***SafeSeaNet á úsáid***.	(d) athúsáid agus comhroinnt sonraí ***iontaofa*** a mhalartaítear in EMSWe ***trí úsáid*** a ***bhaint as SafeSeaNet a*** éascú agus ***feabhas a chur orthu***.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcomhar leis an nGníomhaireacht	1. I gcomhar leis an nGníomhaireacht

Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896, agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/473, agus an dá cheann díobh sin laistigh dá sainordú, tacóidh an Ghníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal idirnáisiúnta, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:	Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/1896, agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, arna bunú le Rialachán (AE) 2019/473, agus an dá cheann díobh sin laistigh dá sainordú ***faoi seach***, tacóidh an Ghníomhaireacht leis na húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta, ***eadhon faireachán*** ar ***iascaigh, rialú teorann, sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, rialú custaim, forfheidhmiú ginearálta dlí agus cosaint*** an ***chomhshaoil, ar an*** leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal idirnáisiúnta, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) comhroinnt, comhtháthú agus anailísiú a dhéanamh ar fhaisnéis atá le fáil i gcórais tuairiscithe long agus i gcórais faisnéise eile arna n-óstáil ag na gníomhaireachtaí sin nó atá ar fáil dóibh, i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach agus gan dochar d'úinéireacht na mBallstát ar na sonraí sin;	(a) comhroinnt, comhtháthú agus anailísiú a dhéanamh ar ***shonraí agus ar*** fhaisnéis atá le fáil i gcórais tuairiscithe long agus i gcórais faisnéise eile arna n-óstáil ag na gníomhaireachtaí sin nó atá ar fáil dóibh, i gcomhréir lena mbunúis dlí faoi seach agus gan dochar d'úinéireacht na mBallstát ar na sonraí sin;

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) acmhainneacht a fhothú trí threoirlínte agus moltaí a tharraingt suas agus trí dhea-chleachtais a bhunú, agus trí oiliúint agus malartú foirne a ***chur ar fáil***;	(c) acmhainneacht a fhothú trí threoirlínte agus moltaí a tharraingt suas agus trí dhea-chleachtais a bhunú ***agus a chomhroinnt***, agus ***freisin*** trí oiliúint agus

malartú foirne a ***sholáthar***;

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) malartú faisnéise agus comhar um fheidhmeanna garda cósta a fheabhsú lena n-áirítear trí dhúshláin oibríochtúla agus rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse muirí a anailísiú;	(d) malartú faisnéise agus comhar um fheidhmeanna garda cósta a fheabhsú lena n-áirítear trí dhúshláin oibríochtúla agus rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse muirí a anailísiú ***trí úsáid a bhaint, i measc nithe eile, as na huirlisí digiteacha atá ar fáil chun éifeacht tionóiscí a ionsamhlú chun tacú le húdaráis garda cósta agus iad i mbun a bhfeidhmeanna***;

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***acmhainní*** a chomhroinnt trí oibríochtaí ilchuspóireacha a phleanáil agus a chur chun feidhme agus trí shócmhainní agus ***acmhainneachtaí*** eile a chomhroinnt, a mhéid a dhéanann na gníomhaireachtaí sin na gníomhaíochtaí sin a chomhordú agus a chomhaontaíonn údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann leo**.**	(e) ***acmhainneacht*** a chomhroinnt trí oibríochtaí ilchuspóireacha a phleanáil agus a chur chun feidhme agus trí shócmhainní***, trealamh*** agus ***cumais*** eile a chomhroinnt, a mhéid a dhéanann na gníomhaireachtaí sin na gníomhaíochtaí sin a chomhordú agus a chomhaontaíonn údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann leo***;***

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e a) an taighde, na forbairtí agus na teicneolaíochtaí ábhartha, lena n-áirítear

an intleacht shaorga, a chomhroinnt ar bhealach comhoibríoch agus solúbtha chun teacht ar réitigh ar na dúshláin atá ann sna réimsí éagsúla;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e b) an comhar a mhéadú chun sonraí ar éiceachórais mhuirí, ar an n-aigéaneolaíocht fhisiceach, ar an gceimic mhuirí, ar an mbitheolaíocht mhuirí, ar iascaigh, ar dhruileáil eolaíoch na n-aigéan agus croíleacú na n-aigeán, ar thaighde geolaíoch agus geoifisiceach, agus ar ghníomhaíochtaí eile, a bhailiú le haghaidh taighde eolaíoch muirí a dhéanamh;

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e c) tionscadail chomhair a chur chun feidhme le tríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí, cosc ar thruailliú ó longa, slándáil mhuirí agus caomhnú na muirthimpeallachta;

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e d) an faireachán ar uiscí na hEorpa a atreisiú chun doirteadh

	neamhdhleathach dramhaíola agus doirteadh féideartha ola a bhrath;

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar do chumhachtaí Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 15, is de réir socrú oibre a chinnfear foirmeacha beachta an chomhair um fheidhmeanna garda cósta idir an Ghníomhaireacht, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, socrú oibre a bheidh i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis na Gníomhaireachtaí. Déanfaidh Bord Riaracháin na Gníomhaireachta, Bord Riaracháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach agus bord bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta socrú den sórt sin a fhormheas.	2. Gan dochar do chumhachtaí Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta a leagtar amach in Airteagal 15, is de réir socrú oibre ***solúbtha*** a chinnfear foirmeacha beachta an chomhair um fheidhmeanna garda cósta idir an Ghníomhaireacht, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, socrú oibre a bheidh i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis na Gníomhaireachtaí. Déanfaidh Bord Riaracháin na Gníomhaireachta, Bord Riaracháin na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach agus bord bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta socrú den sórt sin a fhormheas.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát ***agus*** ceathrar ionadaithe ón gCoimisiún***,*** agus ***beidh*** cearta vótála ***acu uile***.	Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát***,*** ceathrar ionadaithe ón gCoimisiún agus ***ionadaí amháin ó Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh*** cearta vótála ***ach ag ionadaithe na mBallstát agus an Choimisiúin***.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ceapfaidh gach Ballstát ***agus*** an Coimisiún a gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta chomh maith le comhalta malartach a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé nó sí as láthair.	2. Ceapfaidh gach Ballstát***,*** an Coimisiún ***agus Parlaimint na hEorpa*** a gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta chomh maith le comhalta malartach a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé nó sí as láthair.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis ***[an dáta theacht*** i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre. Tabharfar aghaidh go háirithe, sa mheastóireacht ar an ngá ***féideartha a bheidh*** ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus impleachtaí airgeadais aon ***mhodhnú*** den sórt sin.	1. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis ***[dáta an teachta*** i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun measúnú a dhéanamh go háirithe ar thionchar, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre***, lena n-áirítear a comhar le Gníomhaireachtaí eile de chuid Aontais agus go háirithe iadsan dá dtagraítear in Airteagal 12***. Tabharfar aghaidh go háirithe, sa mheastóireacht***,*** ar an ngá ***a d'fhéadfadh a bheith*** ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, ***lena n-áirítear conas is féidir feabhas a chur ar an gcomhar le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais,*** agus impleachtaí airgeadais aon ***mhodhnaithe*** den sórt sin.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Europeche, Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas Eorpach
Comisiones Obreras (CC.OO) - Earnáil an iascaigh
Federación Andaluza de Cofradías
Buanionadaíocht na Spáinne chuig an Aontas Eorpach

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002
Tagairtí	COM(2023)0269 – C9-0190/2023 – 2023/0163(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TRAN 10.7.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	PECH 10.7.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Clara Aguilera 5.9.2023
Pléite sa choiste	9.10.2023
Dáta an ghlactha	29.11.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 1 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Anja Haga, Niclas Herbst, Ladislav Ilčić, France Jamet, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Ana Miranda, João Pimenta Lopes, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella, Theodoros Zagorakis
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Gabriel Mato
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Erik Poulsen, Anne Sander

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
ECR	Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen
NI	Marc Tarabella
PPE	Maria da Graça Carvalho, Anja Haga, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Anne Sander, Theodoros Zagorakis
Renew	Izaskun Bilbao Barandica, Asger Christensen, Erik Poulsen
S&D	Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić
Verts/ALE	Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Ana Miranda, Caroline Roose

1	-
ID	France Jamet

1	0
The Left	João Pimenta Lopes

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh